Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15312/23**

**DENLEG 54**
**PESTICIDE 60**
**AGRILEG 288**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D087773/4 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh dé-eatofeancarb, feanocsacarb, flutríafóil agus peinciocúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D087773/4.

---

Faoi iamh: D087773/4

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/194
(POOL/E4/2023/194/194-EN.docx)
D087773/04
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh dé-eatofeancarb, feanocsacarb, flutríafóil agus peinciocúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh dé-eatofeancarb, feanocsacarb, flutríafóil agus peinciocúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), agus Airteagal 18(1), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás dé-eatofeancarb, feanocsacarb, flutríafóil agus peinciocúróin, socraíodh uasleibhéil iarmhar (‘MRLanna’) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Maidir le formheas na substainte gníomhaí dé-eatofeancarb, chuaigh sé in éag an 31 Bealtaine 2021 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm.

(3) An MRL le haghaidh dé-eatofeancarb i mbananaí nó ar bhananaí, freagraíonn sé do lamháltas allmhairiúcháin agus tá sé sábháilte do thomhaltóirí ag an leibhéal atá ann cheana[2]. Dá bhrí sin, ba cheart an MRL sin a choinneáil ar bun in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointe (g) agus Airteagal 14(2), pointe (e), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) I gcás dé-eatofeancarb i bpiorraí, fíniúnacha coiteanna, trátaí agus ubhphlandaí, agus orthu sin freisin, bunaíodh na MRLanna atá ann cheana ar úsáidí san Aontas. Ós rud é gur tarraingíodh siar na húdaruithe le haghaidh na n-úsáidí sin den tsubstaint sin, na MRLanna sin a shocraítear le haghaidh dé-eatofeancarb in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de, is iomchuí iad a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú ag an teorainn chinnidh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin. Ina theannta sin, ós rud é go scriostar na MRLanna sin, níl gá le tuilleadh faisnéise agus, dá bhrí sin, na fonótaí

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

[2] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), ‘*Reasoned opinion on the setting of import tolerance for diethofencarb in bananas*’ [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh dé-eatofeancarb i mbananaí]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(9):4576.

faoi seach ina léirítear go bhfuil easpa faisnéise ann maidir le trialacha ar iarmhair le haghaidh piorraí agus fíniúnacha coiteanna agus maidir le cobhsaíocht stórála píorraí, fíniúnacha coiteanna, trátaí agus ubhphlandaí, ba cheart iad a scriosadh.

(5) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí feanocsacarb in éag an 31 Bealtaine 2021 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm.

(6) I gcás feanocsacarb i gcnónna peacáin, gallchnónna, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, péitseoga, plumaí, fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, ológa boird agus ológa le haghaidh táirgeadh ola, agus orthu sin freisin, bunaíodh na MRLanna atá ann cheana ar úsáidí san Aontas. Ós rud é gur tarraingíodh siar na húdaruithe le haghaidh na n-úsáidí sin den tsubstaint sin, na MRLanna sin a shocraítear le haghaidh feanocsacarb in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de, is iomchuí iad a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú ag an teorainn chinnidh in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin. Ina theannta sin, ós rud é go scriostar na MRLanna sin, níl gá le tuilleadh faisnéise agus, dá bhrí sin, ba cheart an fonóta ina léirítear go bhfuil easpa faisnéise ann maidir le trialacha ar iarmhair le haghaidh ológa boird a scriosadh.

(7) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí flutríafól in éag an 31 Bealtaine 2021. De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/726 ón gCoimisiún[3], cuireadh isteach iarratas ar a fhormheas a athnuachan ach níor thacaigh an t-iarratasóir leis a thuilleadh. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm.

(8) Na MRLanna le haghaidh flutríafóil i bhfíonchaora boird, bananaí, trátaí, piobair mhilse/piobair chloigíneacha, leitísí, piseanna talún, síolta ráibe, pónairí soighe, síolta cadáis, sorgam, cruithneacht agus pónairí caife agus orthu sin, tá siad bunaithe ar MRLanna Codex ('CXLanna') agus tá siad sábháilte do thomhaltóirí ag na leibhéil atá ann cheana[4,5]. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointe (e) agus Airteagal 14(2), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(9) An MRL le haghaidh flutríafóil i bhfréamhacha biatas siúcra agus ar fhréamhacha biatas siúcra, tá sé bunaithe ar úsáid den tsubstaint sin san Aontas nach bhfuil údaraithe a thuilleadh. Mar sin féin, an CXL níos ísle atá ar fáil le haghaidh an táirge sin, tá sé sábháilte do thomhaltóirí freisin[5]. Dá bhrí sin, ba cheart an MRL sin a laghdú go dtí an CXL comhfhreagrach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointe (e) agus Airteagal 14(2), pointe (e) den Rialachán sin.

---

3 IO L 155, 5.5.2021, lch. 20.

4 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), '*Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for flutriafol according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005*' [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana le haghaidh flutríafóil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2014;12(5):3687.

5 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), '*Scientific support for preparing an EU position in the 48th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)*' [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 48ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(8):4571.

(10) Na MRLanna le haghaidh flutríafóil in úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, silíní (iad milis), péitseoga, plumaí, fíniúnacha coiteanna, sútha talún, guird a bhfuil craiceann inite orthu, guird a bhfuil craiceann do-ite orthu agus leannlusanna, agus orthu sin freisin, tá siad bunaithe ar lamháltas allmhairiúcháin agus tá siad sábháilte do thomhaltóirí[4,6,7,8,9]. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun ag an leibhéal atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointe (g) agus Airteagal 14(2), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(11) I gcás flutríafóil i meacain bhiatais, síolta mustaird, caimilín, rís, seagal, agus orthu sin freisin, bunaíodh na MRLanna atá ann cheana ar úsáidí san Aontas. Ós rud é gur tarraingíodh siar na húdaruithe le haghaidh na n-úsáidí sin den tsubstaint sin, na MRLanna sin a shocraítear le haghaidh flutríafóil in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de, is iomchuí iad a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú ag an teorainn chinnidh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(12) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí peinciocúrón in éag an 31 Bealtaine 2021 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil peinciocúrón a chúlghairm. Na MRLanna a shocraítear le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh gach táirge a shocrú ag an teorainn chinnidh in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

(13) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(14) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

---

6 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), '*Reasoned opinion on the setting of import tolerance for flutriafol in strawberries*' [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh flutríafóil i sutha talún]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(3):4427.

7 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA),'*Reasoned opinion on the setting of import tolerance for flutriafol in cucurbits with edible peel*' [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh flutríafóil i nguird a bhfuil craiceann inite orthu]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(9):4577.

8 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), '*Reasoned opinion on the evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review and setting of an import tolerance for flutriafol in cucurbits (inedible peel)*' [Tuairim réasúnaithe maidir le meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 agus maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh flutríafóil i nguird a bhfuil craiceann do-ite orthu]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(12):6315.

9 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA),'*Reasoned opinion on the setting of import tolerance for flutriafol in hops*' [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh flutríafóil i leannlusanna]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2017;15(7):4875.

(16) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí a táirgeadh sular modhnaíodh na MRLanna agus a léiríonn an fhaisnéis ina leith go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.

(17) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh deis ag na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia iad féin a oiriúnú do na ceanglais a thagann as na leasuithe ar na MRLanna lena mbaineann.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh ... *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … *[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*